



# Ó a Labhairt

Cúrsa Gaeilge Ídirmheánach do Mhainteoiri Bunscoile

Marie Whelton agus Aodán Mac Suibhne

Grianghraif  
Éamón Ó Murchú



# Í a Labhairt

Cúrsa Gaeilge Idirmheánach do Mhúinteoirí Bunscoile

Aodán Mac Suibhne  
agus  
Marie Whelton

An chéad chló 2008

Cóipcheart © Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino, 2008  
© Grianghraif: Éamon Ó Murchú

Foilsithe ag Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino



Gach ceart ar chosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála nó a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhotachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ó Choláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino.

Eagarthóireacht: Aodán Mac Suibhne  
Dearadh: Marie Whelton

ISBN 1899162024

# CLÁR

Réamhrá/Introduction		4
Aonad 1	An Teach	7
Aonad 2	Imeachtaí an Lae	17
Aonad 3	Bia agus Deoch	29
Aonad 4	Taisteal	41
Aonad 5	Na Meán Chumarsáide	51
Aonad 6	Ag Múineadh	63
Aguisín	Briathra	75

# RÉAMHRÁ

Is cúrsa Gaeilge idirmheánach é *Í a Labhairt*, do mhúinteoirí bunscoile atá ag foghlaim Gaeilge. Is forlónadh é le *Beatha Teanga*, le Daithí Ó Madáin - cúrsa Gaeilge do thosaitheoirí atá ina mbunmhúinteoirí. Is réamhchúrsa é do *Cóir Ghaoithe*, le húdair an téacsleabhair seo - cúrsa ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (S.C.G.).

Sé cinn d'Aonaid atá in *Í a Labhairt* seo. Tá na hAonaid bunaithe ar na "Téamaí agus Topaicí" atá aitheanta in *Siollabas Teanga: An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (S.C.G.)*, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Baile Átha Cliath, 2004. Déantar iarracht sa chúrsa, cur ar chumas an fhoghlaimeora na Feidhmeanna Teanga in *Siollabas Teanga* a chomhlíonadh. Bíonn na feidhmeanna teanga sin le feiceáil sna cuspóirí ag túis gach aonaid.

Tá an leagan amach céanna ar gach aonad. Ag túis gach aonaid, faighimid comhrá idir fear agus bean agus iad i suíomh ar leith. Faigtear gach comhrá ar an dlúthdhiosca atá ag dul leis an gcúrsa. Is é an comhrá sin, croí gach aonaid. Sa téacsleabhar, cuirtear leagan Béarla den chomhrá ar fáil taobh le taobh leis an leagan Gaeilge. Tar éis gach comhrá, cuirtear "Foclóir le Foghlaim" ar fáil a chabhróidh leis an bhfoghlaimeoir a stór focal a leathnú agus a bheith cumarsáideach ar an téama/topaic. In "Aistrígh go Gaeilge", iarrtar ar an bhfoghlaimeoir comhrá eile a bhaineann leis an téama nó an topaic chéanna a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge. Díritear ansin ar ghné éigin de Ghramadach na Gaeilge a bhíonn i gceist sa chomhrá bunaidh. Mínítear an pointe gramadaí agus bíonn cleachtaí le déanamh. In "Seanfhocail le Foghlaim", tugtar ocht gcinn de sheanfhocail, mínítear iad focal ar fhocal agus déantar iarracht ciall agus brí gach seánfhocail a thabhairt. Chun cur le feasacht teanga an fhoghlaimeora, cuirtear mír ar fáil i ngach aonad ar logainmneacha coitianta. Bristear síos gach logainm agus tugtar an leagan Béarla de.

Ag leagan béime ar a thábhachtaí agus atá an briathar sa Ghaeilge, tá Agusín curtha leis an téacsleabhar a dhíríonn ar an Aimsir Chaite, an Aimsir Láithreach agus an Aimsir Pháistineach de bhriathra ón gCéad Réimniú agus ón Dara Réimniú agus de na Briathra Neamhrialta go léir. Chun an fhoghlaim a dhaingniú, cuirtear cleachtaí ar na briathra ar fáil.

## INTRODUCTION

*Í a Labhairt* is an intermediate course in Irish for primary school teachers who are learning the language. It is an extension of *Beatha Teanga* by Daithí Ó Madáin - a course in Irish for beginners who are primary school teachers. It's a precursor to *Cóir Ghaoithe*, by the authors of this textbook - a preparatory course for the Scrúdú le hAghaidh Cailíochta sa Ghaeilge (S.C.G.).

There are six units in *Í a Labhairt*. The units are based on the themes and topics which have been identified in *Siollabas Teanga: An Scrúdú le hAghaidh Cailíochta sa Ghaeilge (S.C.G.)*, Department of Education and Science, Dublin, 2004. The learner is enabled to fulfil language functions identified in *Siollabas Teanga*. Those language functions are given as objectives at the beginning of each unit.

Each unit follows the same format. At the beginning of each unit, there is a conversation between a man and a woman in a particular setting. That conversation is on the CD which accompanies the course. The conversation is the heart of every unit. In the textbook, an English version of the conversation is presented side by side with the Irish version. Following each conversation, a section entitled "Vocabulary to be Learned" is provided to broaden the learner's vocabulary and to foster good communication on the theme/topic. In "Translate into Irish", the learner is asked to translate into Irish from English, another conversation related to the same theme/topic. An aspect of Irish grammar, which features in the original conversation, is then explored. The grammar is explained and exercises are provided. In "Proverbs to be Learned", eight proverbs are listed, they are explained word by word and each one's meaning and wisdom is conveyed. To enhance the learner's language awareness, a section is included in each unit on common placenames. Each placename is broken down and its English version is given.

Emphasising the importance of the verb in Irish, an Appendix is included which focuses on the Past, Present and Future Tenses of verbs in the First and Second Conjugations and of all the Irregular Verbs. To reinforce the learning, excercises on the verbs are also included.



AONAD A HAON

AN TEACH



San Aonad seo cuirfear ar do chumas:

- beannú do dhuine agus beannú ar ais
- cabhair a iarraidh agus cabhair a thairiscint
- tuairisciú
- fiosrú
- ceisteanna a chur ag lorg eolais agus ceisteanna a fhreagairt ag tabhairt eolais
- ábaltacht a léiriú
- a léiriú gur gá rud éigin a dhéanamh.

**COMHRÁ**

Tá Bríd sa bhaile. Tá cúpla jab beag le déanamh aici ar an teach. Tá sí ag cur glao gutháin (*telephone call*) ar Liam. Is leictreoir (*electrician*) é Liam.

Liam: Haló! Liam de Róiste anseo. An féidir liom cabhrú leat?  
*Hello. Liam de Róiste here. Can I help you?*

Bríd: Dia is Muire duit, a Liam! Tá mise i mo chónaí i nDún Droma. Tá leictreoir uaim. Tá cúpla jab le déanamh agam i mo theach.  
*Hello Liam! I live in Dundrum. I need an electrician. I have a few jobs to be done in my house.*

Liam: Céard atá mícheart?  
*What's wrong?*

Bríd: Tá soicéad sa seomra suite agus níl aon chumhacht ann.  
*There is a socket in the sitting room and there is no power in it.*

Liam: Aon rud eile?  
*Anything else?*

Bríd: Tá solas sa chistin briste.  
*There is a light in the kitchen broken.*

Liam: B'fhéidir go bhfuil cúpla fiús imithe.  
*There might be a few fuses gone.*

Bríd: Tá na fiúis go léir ceart go leor. Sheicéail mé iad.  
*All the fuses are fine. I checked them.*

Liam: Beidh mé in ann dul amach chugat maidin Dé Sathairn. Céard é do sheoladh?  
*I will be able to go out to you Saturday morning. What is your address?*

Bríd: Uimhir a naoi, Sráid na hEaglaise.  
*Number nine, Church Street.*

Liam: An féidir leat treoracha a thabhairt dom, más é do thoil é?  
*Can you give me directions please?*

Bríd: Cas ar dheis ag an stáisiún peitril, téigh díreach ar aghaidh agus cas ar chlé ansin. Tá mo theach os comhair an tséipéil.

*Turn right at the petrol station, go straight ahead and turn left then. My house is opposite the church.*

Liam: Feicfidh mé thú Dé Sathairn ar a haon déag a chlog.  
*I will see you on Saturday at eleven o'clock.*

Bríd: Rud eile. Níl aon uisce agam sa bhuacaire fuar sa seomra folctha.  
*Another thing. I have no water in the cold tap in the bathroom.*

Liam: Caithfidh tú pluiméir a fháil don jab sin. Is leictreoir mise.  
*You need to get a plumber for that job. I'm an electrician.*

Bríd: Slán go fóill, mar sin!  
*Good-bye for now, so!*

## FOCLÓIR LE FOGLAÍM

Haló! - *Hello!*

Haigh! - *Hil!*

Dia duit! - *God be with you!*

Dia is Muire duit! - *God and Mary be with you!*

Slán - *Good-bye!*

Slán go fóill! - *Good-bye for now!*

### **teach - house**

teach scoite - (a) *detached house*

teach leathscoite - (a) *semi-detached house*

bungaló - (a) *bungalow*

árásán - (an) *apartment*

sa bhaile - *at home*

doras - (a) *door*

fuinneog - (a) *window*

balla - (a) *wall*

díon - (a) *roof*

simléar - (a) *chimney*

geata - (a) *gate*

gairdín - (a) *garden*

garáiste - (a) *garage*

os comhair an tí - *in front of the house*

ar chúl an tí - *at the back of the house*

an chistin - *the kitchen*

seomra bia - (a) *dining room*

seomra suite - (a) *sitting room*

seomra codlata - (a) *bedroom*

seomra folctha - (a) *bathroom*

leithreas - (a) *toilet*

halla - (a) *hall*

staighre - (a) *stairs*

áiléar - (an) *attic*

guthán - (a) *telephone*

glao gutháin - (a) *telephone call*

uimhir ghutháin - (a) *telephone number*

fadhb - (a) *problem*

fadhbanna - *problems*

### **seirbhís - (a) service**

seirbhísí - *services*

leictreoir - (an) *electrician*

pluiméir - (a) *plumber*

siúinéir - (a) *carpenter*

péintéir - (a) *painter (decorator)*

garraíodóir - (a) *gardener*

An féidir liom - *Can I?*

An féidir liom cabhrú leat? - *Can I help you?*

Tá leictreoir uaim. - *I need an electrician.*

cumhacht - *power*

leictreachas - *electricity*

### **trealamh - *appliances***

citeal leictreach - *(an) electric kettle*

iarann - *(an) iron*

tóstaer - *(a) toaster*

meaisín níocháin - *(a) washing machine*

mias - *(a) vessel (dish)*

miasniteoir - *(a) dishwasher*

sorn - *(a) cooker*

oigheann - *(an) oven*

oigheann micreathonnach - *(a) microwave oven*

teilifíséán - *(a) television set*

raidió - *(a) radio*

folúsghlantóir - *(a) vacuum cleaner*

ceart - *right*

mícheart - *wrong*

soicéad - *(a) socket*

plocóid - *(a) plug*

lasc - *(a) switch*

solas - *(a) light*

soilse - *lights*

bolgán - *(a) bulb*

Las an solas. - *Turn on (Light) the light.*

Múch an solas. - *Turn off (Quench) the light.*

fiús - *(a) fuse*

seiceáil - *check*

sheiceáil mé - *I checked*

### **treoir - *(a) direction***

treoracha - *directions*

Cas ar dheis. - *Turn to the right.*

Cas ar chlé. - *Turn to the left.*

Téigh díreach ar aghaidh. - *Go straight ahead.*

buacaire - *(a) tap*

píobán - *(a) pipe (waterpipe)*

doirteal - *(a) sink*

An mbeidh tú in ann? - *Will you be able?*

Beidh mé in ann. - *I will be able.*

cárta - *(a) card*

an fhadhb - *the problem*

seoladh - *(an) address*

## **AISTRIGH GO GAEILGE**

Tá Bríd ag cur glao gutháin ar Stiofán. Is pluiméir é Stiofán.

Stiofán: *Hello! Stiofán O'Neill here. Can I help you?*

Bríd: *Hi! I got your card through the door. You're a plumber. I have a few jobs to be done in my house.*

Stiofán: *What's the problem?*

---

---

Bríd: *I have no water in the cold tap in the bathroom.*

---

---

Stiofán: *There might be air in the pipe.*

---

---

Bríd: *Will you be able to come out?*

---

---

Stiofán: *What is your address?*

---

---

Bríd: *Number ten, Riverview.*

---

---

Stiofán: *I will see you tomorrow morning at ten o'clock.*

---

---

Bríd: *Good-bye for now so!*

---

---

## FREAGRAÍ

Stiofán: Halo! Stiofán Ó Néill anseo. An féidir liom cabhrú leat?

Bríd: Haigh! Fuair mé do chárta tríd an doras. Is pluiméir tú. Tá cúpla jab le déanamh agam i mo theach.

Stiofán: Céard í an fhadhb?

Bríd: Níl aon uisce agam sa bhuacaleann fuar sa seomra folchta.

Stiofán: B'fhéidir go bhfuil aer sa phíobán.

Bríd: An mbeidh tú in ann teacht amach?

Stiofán: Céard é do sheoladh?

Bríd: Uimhir a deich, Radharc na hAbhann.

Stiofán: Feicfidh mé thú maidin amárach ar a deich a chlog.

Bríd: Slán go fóill mar sin!

## GRAMADACH

### Comhréir nó Ord Focal *Syntax or The Order of Words*

Uaireanta, sa Ghaeilge, athraíonn an t-ord ina bhfuil focail.  
*Sometimes, in Irish, the order in which words are, changes.*

**Mar shampla:**

ag tabhairt treoracha  
ach  
An féidir leat treoracha a thabhairt?

ag léamh leabhair  
ach  
Ba mhaith liom an leabhar a léamh.

ag ól uisce  
ach  
B'éigean dom uisce a ól.

Athraíonn an t-ord ina bhfuil an briathar agus an t-ainmfhocal tar éis na struchtúr seo:  
*The order of the verb and the noun changes after the following structures:*

An bhfuil cead agam...? *Do I have permission to...*  
Caithfidh mé... *I have to/I must...*  
B'éigean dom...*I had to...*  
Bhí orm...*I had to...*  
An féidir leat...? *Can you...?*  
Níl mé in ann... *I am not able to...*  
D'iarr sé orm... *He requested me to...*  
D'éirigh liom... *I succeeded...*  
Theip orm... *I failed to...*

Bain na lúibíní agus scríobh amach na habairtí seo i gceart.

1. An féidir liom (ag fáil: leabhar) as an leabharlann?

---

---

2. Caithfidh mé (ag déanamh: m'obair bhaile)anois.

---

---

3. B'éigean dom (ag imirt: cluiche peile) tar éis na scoile.

---

---

4. D'éirigh liom (ag fáil: pas) sa scrúdú.

---

---

5. Ba mhaith liom (ag cur: cárta poist) chuig m'aintín.

---

---

6. An bhfuil cead agam (ag tógáil: an liathróid)?

---

---

7. D'iarr an Príomhoide orm (ag oscailt: an scoil).

---

---

8. Níl mé in ann (ag seinm: an fheadóg).

---

---

9. Bhí orm (ag scríobh: aiste) don léachtóir.

---

---

10. Shocraigh Síle (ag ceannach: gluaisteán nua).

---

---

## FREAGRAÍ

1. An féidir liom leabhar a fháil as an leabharlann?
2. Caithfidh mé m'obair bhaile a dhéanamh anois.
3. B'éigean dom cluiche peile a imirt tar éis na scoile.
4. D'éirigh liom pas a fháil sa scrúdú.
5. Ba mhaith liom cárta poist a chur chuig m'aintín.
6. An bhfuil cead agam an liathróid a thógáil?
7. D'iarr an Príomhoide orm an scoil a oscailt.
8. Níl mé in ann an fheadóg a sheinm.
9. Bhí orm aiste a scrióbh don léachtóir.
10. Shocraigh Síle gluaisteán nua a cheannach.

## SEANFHOCAIL LE FOGLAIM

**Níl aon tinteán mar do thinteán féin.**

*tinteán = hearth.*

*There is no hearth like your own hearth. There is no place like home. Home sweet home. Every savage loves his native shore.*

**Níl aon áit (place) níos deise (nicer) ná d'áit féin.**

**Is gaire cabhair Dé ná an doras.**

*gaire = nearer; cabhair Dé = God's help; an doras = the door.*

*God's help is nearer than the door. God's help is never far away.*

**Bíonn cabhair ó Dhia (from God) níos gaire dùinn (nearer to us) i gcónaí (always) ná mar a cheapaimid (than we think).**

**Is sreamhain iad leaca an tí mhóir.**

*sreamhain = slippery; leaca = slabs, the floor; leaca an tí mhóir = the floors of the big house.*

*Slippery are the floors of the big house. It is easy to slip/make a mistake when you are in an important place.*

**Tá sé éasca (easy) botún a dhéanamh (to make a mistake) in áit thábhachtach (in an important place).**

**Aithníonn ciaróg ciaróg eile.**

*aithníonn = recognizes; ciaróg = beetle.*

*One beetle recognizes another. Birds of a feather flock together.*

**Bíonn daoine (people) den chineál céanna (of the same type), ón thír chéanna (from the same country) nó den ghairm chéanna (from the same profession), go minic le chéile.**

**Is trom an t-ualach an leisce.**

*trom = heavy; an t-ualach = the load; leisce= laziness.*

*Laziness is a heavy load. A lazy person feels that every job is a difficult one.*

*Braitheann duine leisciúil (a lazy person) gur jab deacair (a difficult job) é gach jab.*

**Is namhaid í an cheird gan í a fhoghlaim.**

*namhaid = an enemy; an cheird = the craft, trade; gan í a fhoghlaim = without learning it.*

*An enemy is the craft that is not learned.*

*Nuair nach bhfoghlaimíonn tú ceird éigin i gceart (when you do not learn a particular craft properly), cruthóidh an cheird sin deacrachtaí duit (that craft will create difficulties for you).*

**Is olc an chearc nach scriobann di féin.**

*olc = bad, no good; an chearc = the hen; nach scriobann di féin = that does not scratch for herself.*

*No good is the hen that does not scratch (the ground) for herself. Lazy is the person who does not do his/her bit to get his/her own food.*

*Is duine leisciúil(lazy) é/í an duine nach gcuireann a bhia féin ar fáil (who does not provide food for himself).*

**Is minic folamh bolg le gréin.**

*minic = often; folamh = empty; bolg le gréin = stomach to the sun.*

*Often empty is the stomach towards the sun. The person sunbathing is often hungry.*

*An duine a bhíonn ag baint taitnimh as an saol (enjoying life), is minic a bhíonn ocras (hunger) ar an duine sin.*



*Is olc an chearc nach scriobann di féin.*

**LOGAINMNEACHA**

Ainm Gaeilge	DÚN, LIOS, RÁTH	Míniú
Ainm Béarla		
Dún Mór	Dunmore	<i>the big fort</i> mó� = <i>big</i>
Dún Beag	Doonbeg	<i>the little fort</i> beag = <i>little</i>
Dún an Óir	Dún an Óir	<i>the fort of gold</i> ór = <i>gold</i>
Dún Droma	Dundrum	<i>the fort of the hill</i> droim = <i>hill, drumlin</i>
Dún Phádraig	Downpatrick	<i>the fort of Patrick</i>
Dún Bóinne	Dunboyne	<i>the fort of the Boyne</i>
Dún Dealgan	Dundalk	<i>the fort of Dealga</i>
Lios Mór	Lismore	<i>the big fort</i>
Lios Túathail	Listowel	<i>the fort of Tuathal</i>
Lios Dúin Bhearna	Lisdoonvarna	<i>the fort of the fort of the gap</i> bearna = <i>(a) gap</i>
Ráth Mór	Rathmore	<i>the big fort</i>
Ráth Chormaic	Rathcormack	<i>the fort of Cormac</i>
Ráth Garbh	Rathgar	<i>the rough fort</i>
Ráth Fearnáin	Rathfarnham	<i>the fort of the alder</i> fearnán = <i>alder</i>
Ráth Droma	Rathdrum	<i>the fort of the hill</i> droim = <i>hill, drumlin</i>



AONAD A DÓ

# IMEACHTAÍ AN LAE



San Aonad seo cuirfear ar do chumas:

- leithscéal a dhéanamh agus glacadh le leithscéal
- frustrachas a léiriú
- iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh
- tuairisciú
- deimhniú a lorg agus deimhniú a thabhairt
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt
- comhbhrón a dhéanamh.

**COMHRÁ**

Is cairde iad Cormac agus Tríona. Buaileann siad lena chéile (*They meet each other*) gach tráthnóna Sathairn.

Cormac: Tá an-bhrón orm go bhfuilim déanach.  
*I am very sorry I'm late.*

Tríona: Tá sé ceart go leor. Tóg go bog é!  
*It's alright. Take it easy!*

Cormac: A leithéid de lá! Níl a fhios agam cá n-imíonn an t-am. Bíonn sé mar seo gach Satharn.  
*What a day! I do not know where the time goes. It's like this every Saturday.*

Tríona: Suigh síos ansin agus inis dom faoi. Ach éist! Bíodh deoch agat ar dtús. Is túisce deoch ná scéal . . . A bhuaachaill! Uisce do mo chara agus jin agus uisce sóide domsa . . . Anois, a Chormaic. Lean ort!  
*Sit down there and tell me about it. But listen! Have a drink first. A drink comes before a story . . . Boy! Water for my friend and a gin and tonic for me...Now Cormac. Continue on.*

Cormac: Bhuell! D'éirigh mé ar a naoi a chlog mar a dhéanaim gach Satharn.  
 Tar éis mo bhricfeasta thosaigh mé ag glanadh na cistine ach ghlaoigh Sinéad agus chuaigh mé ag imirt galf dhá mhaide léi.  
*Well! I got up at nine o'clock as I do every Saturday. After my breakfast I started cleaning the kitchen but Sinéad called and I went playing pitch and putt with her.*

Tríona: Ach níor mhair an galf dhá mhaide rófhada, ar mhair?  
*But the pitch and putt didn't last long, did it?*

Cormac: Níor mhair. Bhí lón againn ansin agus ar mo bhealach abhaile chuaigh mé go dtí an t-oillmhargadh ach ní raibh mo chárta airgeadais agam.  
*It didn't. We had lunch then and on my way home I went to the supermarket but I didn't have my bank card.*

Tríona: Céard a rinne tú?  
*What did you do?*

Cormac: Chuaigh mé abhaile chun é a fháil ach cé a tháinig nuair a chuaigh  
mé abhaile ach mo dheartháir, Mícheál. Shuíomar síos le haghaidh  
*cappuccino agus an chéad rud eile bhí sé a sé a chlog.*

*I went home to get it but who came, when I went home but my  
brother, Mícheál. We sat down for a capuccino and the next thing,  
it was six o'clock.*

Tríona: Agus ansin bhí ort réiteach le bualadh liomsa. Ó! A Chormaic! Bhí lá  
uafásach agat!

*And then you had to get ready to meet up with me. Oh! Cormac!  
You had a terrible day!*

Cormac: Bhí. Agus níl faic déanta. Níl an teach glanta. Tá an gluaisteán  
salach, níl an féar bainte agus níl aon siopadóireacht déanta fós.  
Cén sórt lae a bhí agat féin?

*I had. And nothing has been done. The house hasn't been cleaned.  
The car is dirty, the grass hasn't been cut and no shopping has  
been done yet. What kind of day did you have yourself?*

Tríona: Bhuel! Níor éirigh mé go dtí a deich. D'imir mé cluiche gailf ansin le  
Caitríona ach bhí bricfeasta againn sa chlubtheach ar dtús.

*Well! I didn't get up until ten. I played a game of golf then with  
Caitríona but we had breakfast first in the clubhouse.*

Cormac: Agus ina dhiaidh sin?

*And after that?*

Tríona: Ina dhiaidh sin, chuaigh mé go dtí an gruagaire agus ar mo bhealach  
abhaile cheannaigh mé an gúna seo. Céard a cheapann tú faoi?  
*After that, I went to the hairdresser and on my way home I  
bought this dress. What do you think of it?*

Cormac: A Thríona! Conas a dhéanann tú é?

*Tríona! How do you do it?*

Tríona: Tá sé an-éasca, a Chormaic. Tá fear céile iontach agam.  
*It's very easy, Cormac. I have a wonderful husband.*

## FOCLÓIR LE FOGLAIM

Tá brón/áthas/fearg/eagla orm.-  
*I am sad (sorry)/ happy/  
cross/afraid.*

Tá an-bhrón orm. - *I am very  
sorry.*  
déanach - *late*

luath - *early*

Is túisce deoch ná scéal. - *Drink comes before a story.*

jin agus uisce sóide - (a) *gin and tonic*

**ar maidin** - *in the morning/this morning*

Éirigh! - *Get up!*

éirím - *I get up*

d'éirigh mé - *I got up*

d'éirigh liom - *I succeeded*

gléasaim mé féin - *I dress myself*

ghléas mé mé féin - *I dressed myself*

ním mé féin - *I wash myself*

nigh mé mé féin - *I washed myself*

triomaím - *I dry*

thriomaigh mé - *I dried*

ithim - *I eat*

d'ith mé - *I ate*

glanaim - *I clean*

ghlan mé - *I cleaned*

ag glanadh - *cleaning*

Tá an chistin glanta. - *The kitchen has been cleaned.*

**caitheamh aimsire** - *pastimes*

imrím - *I play*

d'imir mé - *I played*

ag imirt gailf - *playing golf*

ag seinm ceoil - *playing music*

ag súgradh le bréagán - *playing with a toy*

cluiche gailf - (a) *game of golf*

galf dhá mhaide - *pitch and putt*

club - (a) *club*

teach - (a) *house*

clubtheach - (a) *clubhouse*

níor mhair sé - *it didn't last*

**siopadóireacht** - *shopping*

mo bhealach - *my way*

mo shlí - *my way*

an t-oillmhargadh - *the supermarket*

airgead - *money*

airgeadas - *finance*

cárta airgeadais - (a) *bank (finance) card*

mo dheartáir - *my brother*

mo dheirfiúr - *my sister*

Suigh! - *Sit!*

suím - *I sit*

shuigh mé - *I sat*

Réitigh! - *Prepare!/Get ready!*

ag réiteach - *preparing/getting ready*

bhí ort réiteach - *you had to prepare/get ready*

buail - *hit*

buail le - *meet*

faic - *nothing*

Níl faic déanta. - *Nothing has been done.*

Níl an teach glanta. - *The house hasn't been cleaned.*

Níl an féar bainte. - *The grass hasn't been cut.*

Níl an tsiopadóireacht déanta. - *The shopping hasn't been done.*

gruaig - *hair*

gruagaire - (a) *hairdresser*

gúna - (a) *dress*

éasca - *easy*

deacair - *difficult*

fear céile - (a) *husband*

bean chéile - (a) *wife*

fógra - (an) *advertisement*

sa siopa áitiúil - *in the local shop*

freagra - (a) *reply / (an) answer*

Inis. - *Tell.*

Inis dom faoi. - *Tell me about it.*

socrú - (an) *arrangement*

iontach - wonderful	saor - cheap
glao - (a) call	Tabhair. - Give.
mí ó shin - a month ago	tugaim - I give
eochair - (a) key	Fág. - Leave.
Tar! - Come!	fágaim - I leave
tagann sí - she comes	an chistin - the kitchen
Imigh! - Go!	ar bhord na cistine - on the kitchen table
imíonn sí - she goes	sássta - satisfied
bun - bottom	lánsássta - fully satisfied
ó bhun go barr - from top to bottom	míshássta - dissatisfied
ag iarnáil - ironing	Is féidir brath uirthi. - You can depend on her.
an iarnáil - the ironing	
daor - dear	

## AISTRIGH GO GAEILGE

Colm: *Did you put up that advertisement in the local shop?*

---



---

Liam: *Yes, I did and I got a reply.*

---

Colm: *Tell me about it.*

---

Liam: *I got a call from a woman and she started a month ago. She has a key for the house. She comes every Friday at ten o'clock and goes again at two. She cleans the house from top to bottom.*

---



---



---



---



---

Colm: *And does she do anything else?*

---

Liam: *She does the ironing.*

---

Colm: *Is she dear?*

---

---

Liam: *I give her seventy euro every week. I leave it on the kitchen table for her.*

---

---

Colm: *Are you satisfied with the arrangement, so?*

---

---

Liam: *Fully satisfied. It is wonderful to come home to a clean house. You can depend on her and she is a very nice person.*

---

---

---

---

---

---

### FREAGRAÍ

Colm: Ar chuir tú an fógra sin suas sa siopa áitiúil?

Liam: Chuir agus fuair mé freagra.

Colm: Inis dom faoi.

Liam: Fuair mé glao ó bhean agus thosaigh sí mí ó shin. Tá eochair aici don teach. Tagann sí gach Aoine ar a deich a chlog agus imíonn sí arís ar a dó. Glanann sí an teach ó bhun go barr.

Colm: Agus an ndéanann sí aon rud eile?

Liam: Déanann sí an iarnáil.

Colm: An bhfuil sí daor?

Liam: Tugaim seachtó euro di gach seachtain. Fágaim di é ar bhord na cistine.

Colm: An bhfuil tú sásta leis an socrú, mar sin?

Liam: Lánsásta. Tá sé go hiontach teacht abhaile chuig teach glan. Is féidir brath uirthi agus is duine an-deas í.

## GRAMADACH

## An Aidiacht Bhriathartha

### The Past Participle

Is aidiacht í an aidiacht bhriathartha atá déanta as briathar. Cuireann sí staid ruda nó dhuine in iúl.

*The past participle is an adjective made from a verb. It conveys the state of a thing or person.*

Mar shampla: Níl an teach glanta. *The house isn't cleaned.*

Tá a leabhar dearmadta ag Seán. *John has forgotten his book.*

múin - múinte

bris - briste

ith - ite

rith - rite

caith - caite

báigh - báite

glan - glanta

déan - déanta

dún - dúnta

díol - díolta

gléas - gléasta

dearmad - dearmadta

imigh - imithe

bailigh - bailithe

ceannaigh - ceannaithe

críochnaigh - críochnaithe

gortaigh - gortaithe

maisigh - maisithe

tóg - tógtha

tabhair - tugtha

scuab - scuabtha

cíor - cíortha

gearr - gearrtha

fág - fágtha

Bain amach na lúibíní agus scríobh amach na habairtí i gceart.

1. Bhí an teach (glan) agus an t-urlár (scuab).

---



---

2. Ní raibh Niamh in ann imirt sa chluiche mar bhí glúin léi (gearr) agus bhí lámh léi (gortaigh).

---



---

3. Nuair a shroich Liam an siopa ní raibh aon nuachtán (fág) ann. Bhí siad go léir (díol).

4. Nuair a bhí an ceacht (múin) agus na cóipleabhair (bailigh), bhí sé in am na páistí a ligean amach.

5. Bhí a lón (ith) ag Tomás ach bhí a bhosca lóin (fág) ar an deasc aige.

6. Nuair a bhí a hobair bhaile (críochnaigh) ag Aisling agus a dinnéar (ith) aici, chuaigh sí amach ag rothaíocht.

7. Bhí an crann Nollag (maisigh) go hálainn agus bhí duine éigin sa chúinne, (gléas) mar Dhaidí na Nollag.

8. Nuair a tháinig an Garda go dtí an scoil, bhí an scoil (dún) agus bhí na páistí go léir (imigh).

9. Ar a leathuair tar éis a dó, bhí obair an lae (déan) ag an múinteoir agus bhí an obair bhaile (tabhair) do na páistí.

10. Bhí a bhricfeasta (ith) ag Cormac agus bhí a chuid gruaige (cíor) aige.

## FREAGRAÍ

1. Bhí an teach glanta agus an t-urlár scuabtha.
2. Ní raibh Niamh in ann imirt sa chluiche mar bhí glúin léi gearrtha agus bhí lámh léi gortaithe.
3. Nuair a shroich Liam an siopa ní raibh aon nuachtán fágtha ann. Bhí siad go léir díolta.

4. Nuair a bhí an ceacht múinte agus na cóipleabhair bailithe, bhí sé in am na páistí a ligean amach.
5. Bhí a lón ite ag Tomás ach bhí a bhosca lón fágtha ar an deasc aige.
6. Nuair a bhí a hobair bhaile críochnaithe ag Aisling agus a dinnéar ite aici, chuaigh sí amach ag rothaíocht.
7. Bhí an crann Nollag maisithe go hálainn agus bhí duine éigin sa chúinne, gléasta mar Dhaidí na Nollag.
8. Nuair a tháinig an Garda go dtí an scoil, bhí an scoil dúnta agus bhí na páistí go léir imithe.
9. Ar a leathuair tar éis a dó, bhí obair an lae déanta ag an múinteoir agus bhí an obair bhaile tugtha do na páistí.
10. Bhí a bhricfeasta ite ag Cormac agus bhí a chuid gruaige cíortha aige.

## SEANFHOCAIL LE FOGLAIM

### Múineann gá seift.

gá = need, necessity; seift = device.

Necessity teaches (the person) a device. Necessity is the mother of invention.

Nuair a bhíonn gá le rud éigin, cruthaíonn an gá (the necessity creates) an rud atá ag teastáil (the thing that is needed).

### An té nach bhfuil láidir ní mór dó a bheith glic.

an té = the person; láidir = strong; ní mór dó = he needs to be; glic = smart, clever.

The person who isn't strong, needs to be clever.

An duine atá lag (weak), caithfidh sé a bheith cliste (clever).

### Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

scáth = shadow; ar scáth a chéile = under each other's shadow.

People live under each other's shadow/wing. People depend on each other.

Man is a social animal. No man is an island.

Braitheann daoine (people depend) ar a chéile (on each other).

### Níl luibh ná leigheas in aghaidh an bháis.

luibh = herb; leigheas = cure, medicine; in aghaidh an bháis = against death.

There is neither a herb nor a cure for death. Death is inevitable.

Faigheann gach duine bás.

### Cleachtadh a dhéanann máistreacht.

cleachtadh = practice; máistreacht = mastery.

Practice makes mastery. Practice makes perfect.

Má dhéanann tú cleachtadh ar rud éigin, beidh tú ar fheabhas (excellent) ag an rud sin.

**Nuair is crua don chailleach caithfidh sí rith.**

crua = hard, difficult; cailleach = old woman, witch.

*When a person is put to the pin of his/her collar, he/she has no choice but to act.*

*Nuair nach mbíonn rogha (choice) ag an duine, caithfidh an duine rud éigin a dhéanamh.*

**Is fearr rith maith ná drochsheasamh.**

rith = run, to run; drochsheasamh = a bad stand.

*It is better to run than to make a bad stand. It is better to run away than to take a stand, to fight and to lose.*

*Is fearr rith ná troid (fight), agus an troid a chailleadh.*

**An té a bhfuil long agus seol aige gheobhaidh sé cóir.**

an té = an duine; long = ship; seol = sail; gheobhaidh sé = he will get; cóir (ghaoithe) = a favourable wind.

*He who has a ship and a sail will get a favourable wind. He who is prepared for work, will get work.*

*An duine atá réidh chun obair a dhéanamh, gheobhaidh an duine sin obair.*



*Cleachtadh a dhéanann máistreacht.*

## LOGAINMNEACHA

CNOC		
Ainm Gaeilge	Ainm Béarla	Míniú
Cnoc Mór	<i>Knockmore</i>	<i>the big hill</i> cnoc = (a) hill mó� = big
Cnoc Beag	<i>Knockbeg</i>	<i>the little hill</i> beag = small
Cnoc Mhuire	<i>Knock</i>	<i>the hill of Muire</i>
Cnoc an Chrocaire	<i>Knockcroghery</i>	<i>the hangman's hill</i> crocaire = hangman
Cnoc Álainn	<i>Knockallen</i>	<i>the lovely hill</i> álainn=lovely, beautiful





## AONAD A TRÍ

# BIA AGUS DEOCH



San Aonad seo cuirfear ar do chumas:

- tuairisciú
- cuireadh a thabhairt
- fiosrú faoi mhian agus mian a léiriú
- taitneamh agus easpa taitnimh a léiriú
- rogha a léiriú
- smaoineamh a chur chun cinn
- duine éigin a ghríosadh
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt
- fainic a chur ar dhuine
- aontú.

**COMHRÁ**

Tá Seán agus Áine ag siúl amach lena chéile (*going out with each other*). Chaith siad an oíche i gclub ag damhsa. Tá ocras orthuanois.

Seán: Bhí an oíche sin ar fheabhas, a Áine, ach táim traochta anois.  
Rinne mé an iomarca damhsa!  
*That was an excellent night, Áine, but I'm worn out now. I did too much dancing!*

Áine: Táimse stiúgtha leis an ocras! Tá siopa sceallóg timpeall an chúinne anseo. Ar mhaith leat mála?  
*I'm starving with the hunger! There is a chip-shop around the corner here. Would you like a bag?*

Seán: Ba bhreá liom mála sceallóg. Is fada an lá ó bhí bia sciobtha agam.  
*I'd love a bag of chips. It's a long time since I had fast food.*

Áine: Bíonn sceallóga an-bhlasta ag an am seo den oíche!  
*Chips are very tasty at this time of the night!*

Seán: Bíonn. Blasta agus gréisceach! Ar aghaidh linn!  
*They are. Tasty and greasy! Off we go!*

Áine: Ceapaim go mbeidh trosc agamsa, freisin. Ar mhaith leatsa iasc?  
*I think I'll have cod as well. Would you like fish?*

Seán: Níor mhaith liom iasc, ach ba bhreá liom borgaire. An bhfuil borgairí acu?  
*I wouldn't like fish, but I'd love a burger. Do they have burgers?*

Áine: Tá. De ghnáth bíonn borgairí cáise, borgairí mairteola agus borgairí sicín acu. Cén cineál borgaire ba mhaith leatsa?  
*Yes, they do. Usually they have cheese burgers, beef burgers and chicken burgers. What kind of burger would you like?*

Seán: Ba bhreá liom borgaire mairteola.  
*I'd love a beef burger.*

Áine: Agus cad a bheidh agat le hól?  
*And what will you have to drink?*

- Seán: Beidh buidéal uisce agam. Cad a ólfaidh tusa?  
*I'll have a bottle of water. What will you drink?*
- Áine: Ní bheidh aon deoch agam anois, ach beidh cupán tae agam níos déanaí, nuair a rachaidh mé abhaile.  
*I won't have any drink now but I will have a cup of tea later, when I will go home.*
- Seán: A Áine, beidh orainn brostú nó beidh scuaine mhór romhainn!  
*Áine, we will have to hurry or there will be a big queue before us!*
- Áine: Is fíor duit. Bíonn scuaine i gcónaí ann nuair a dhúnann na tithe tábhairne.  
*It is true for you. There is always a queue when the pubs close.*
- Seán: Bhuel! Tá an boladh go hálainn ar aon nós!  
*Well! The smell is lovely anyway!*
- Áine: Gheobhaimid an bia ar dtús agus, ansin rachaimid trasna an bhóthair. Tá suíochán deas ansin dúinn.  
*We'll get the food first and, then we'll go across the road. There is a nice seat there for us.*

## FOCLÓIR LE FOGLAÍM

**bialann** - a restaurant  
**siopa sceallóg** - (a) chip shop  
**teach tábhairne** - (a) public house  
**tithe tábhairne** - public houses

**cúrsa** - (a) course  
an réamhchúrsa - the starter  
an príomhchúrsa - the main course  
an mhilseog - the dessert

**béile** - (a) meal  
béilí - meals  
bricfeasta - breakfast  
lón - lunch  
dinnéar - dinner  
suipéar - supper

**ocras** - hunger  
An bhfuil ocras ort? - Are you hungry?

**stiúgtha leis an ocras** - starving

**Cén cineál?** - What kind?

**is maith liom** - I like  
**is fearr liom** - I prefer  
**is fearr leat** - you prefer.

**blasta** - tasty  
an-bhlasta - very tasty

**go hálainn** - lovely

**leamh** - tasteless

**déistineach** - disgusting

**gréisceach** - greasy

**folláin** - healthy

**iontach** - wonderful

ceart go leor - *alright*  
galánta - *lovely, sophisticated*

**bia mara - seafood**  
bia - *food*  
muir - *sea*  
bia mara - *food of the sea, seafood*  
iasc - *fish*  
bradán - *(a) salmon*  
bradán deataithe - *smoked salmon*  
diúilicíní - *mussels*  
faoitín - *whiting*  
leathóg - *plaice*  
maicréal - *mackerel*  
trosc - *cod*  
píosa troisc - *(a) piece of cod*

**feoil - meat**  
bagún - *bacon*  
borgaire - *(a) burger*  
borgaire mairteola -  
*(a) beef burger*  
caoireoil - *mutton*  
gríscín - *(a) chop*  
mairteoil - *beef*  
muiceoil - *pork*  
sicín - *chicken*  
stéig - *(a) steak*  
turcaí - *turkey*  
uaineoil - *lamb*

**glasraí - vegetables**  
cabáiste - *cabbage*  
cairéid - *carrots*  
cólis - *cauliflower*  
meacain bhána - *parsnips*  
oinniúin - *onions*  
piseanna - *peas*  
pónairí - *beans*  
prátaí - *potatoes*  
tornapaí - *turnips*  
tréataí - *tomatoes*

**milseog - dessert**  
cáca - *(a) cake*  
císte - *(a) cake*  
císte cáise - *(a) cheese cake*  
císte seacláide - *(a) chocolate cake*  
maróg - *(a) pudding*  
sailéad torthaí - *fruit salad*  
sútha talún - *strawberries*  
toirtín úll - *(an) apple tart*  
uachtar - *cream*  
uachtar reoite - *ice cream*

**bia sciobtha - fast food**  
sceallóga - *chips*  
mála sceallóg - *(a) bag of chips*  
borgaire - *(a) burger*  
borgairí - *burgers*  
borgaire cáise - *(a) cheese burger*  
borgaire sicín - *(a) chicken burger*  
borgaire mairteola - *(a) beef burger*

**bricfeasta - breakfast**  
bagún - *bacon*  
ispíní - *sausages*  
ubh fhriochta - *(a) fried egg*  
ubh bhruite - *(a) boiled egg*  
ubh scrofa - *(a) scrambled egg*  
músláí - *muesli*  
calóga arbhair - *cornflakes*  
arán donn - *brown bread*  
arán bán - *white bread*  
tósta - *toast*  
subh oráiste - *orange marmalade*  
seadóg - *(a) grapefruit*  
sú oráiste - *orange juice*  
tae - *tea*  
caife - *coffee*  
bainne - *milk*

**deoch - drink**  
deochanna - *drinks*

uisce - water  
uisce beo - sparkling water  
fíon dearg - red wine  
fíon geal - white wine  
beoir - (a) beer  
pionta beorach - (a) pint of beer  
sú oráiste - orange juice  
mianrach - (a) mineral  
  
deireadh - end  
seachtain - (a) week  
gloine fíona - a glass of wine

deireadh seachtaine - (a) weekend  
an deireadh seachtaine seo caite -  
last weekend  
an deireadh seachtaine seo  
chugainn - next week-end  
biachlár - menu  
Roghnaigh. - Choose.  
Roghnaigh mé - I chose  
Ar aghaidh linn! - On we go! Let's  
go!

### AISTRIGH GO GAEILGE

Tá Pádraig agus Máire ag caint faoi dhul amach go Caifé.

Pádraig: Mary, are you hungry? What kind of food do you prefer?

---

---

Máire: I'm starving. I like seafood because it is healthy and tasty.

---

---

Pádraig: Would you like to come to Caifé Una with me? They do have wonderful seafood.

---

---

